SÁRMHAITHEAS TRÍ
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

# Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí

**Beartas arna ghlacadh ag Bord BOOLUF 08.12.2020**

loetb

www.loetb.ie

**Cairt agus Pleananna Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí**

Forbraíodh **Cairt agus Pleananna Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí** Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF) ar aon dul le beartas rialtais ar Phleananna Gníomhaíochta agus Cairteacha Custaiméirí: Treoirlínte maidir le hUllmhú chun tacú leis an Tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (an SAC).

**Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí**

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF) seirbhísí oideachais ar fáil i measc oideachas iar-bhunscoile agus breisoideachais, printíseachta, seirbhísí don ógra, oideachais aosach agus pobail do phobail Laoise agus Uíbh Fhailí.

Tá BOOLUF tiomanta don tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar dóibh siúd a gcuirtear a seirbhísí ar fáil dóibh. Creidimid gur cheart ár seirbhísí go léir a dhearadh agus a sholáthar chun freastal ar riachtanais an duine aonair, an ghnólachta, nó an phobail ar bhealach tráthúil agus cuí.

Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar an mbealach a sholáthraítear ár seirbhísí agus oibrímid lena chinntiú go sásaíonn ár seirbhísí an caighdeán is airde ar aon dul le Tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC) na hearnála poiblí.

Mar sholáthraí seirbhíse i Laois agus Uíbh Fhailí, déanfaimid dícheall chun an méid seo a leanas a dhéanamh

- Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar ar bhealach éifeachtúil, gairmiúil agus cúirtéiseach dár n-úsáideoirí seirbhíse go léir.
- Eolas soiléir agus beacht a sholáthar ar ár seirbhísí go léir
- A chinntiú go ndéileáiltear le gach ceist i gceart, go neamhchlaonta agus an mhoill is lú orthu agus an aird cheart á tabhairt ar do phríobháideachas.
- A chinntiú go n-atreoraítear do cheist chuig an duine ábhartha gan mhoill agus go bhfiosraítear gach atreorú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar agus freagairt don aiseolas go léir a thugtar ar ár seirbhísí ar bhealach éifeachtúil.
- Ár seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais eile inaitheanta acu, nuair a iarrtar sin.
- Eolas nuashonraithe a sholáthar ar an mbealach cuí faoi chineál ár seirbhísí, freagrachtaí an BOO agus a oifigigh agus sonraí teagmhála trínár gcainéil chumarsáide.
- Ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, na reachtaíochta Comhionannais, um Chosaint Sonraí agus an RGCS a chomhlíonadh.

Taispeántar an Chairt Seirbhíse do Chustaiméirí seo i ngach oifig, scoil agus ionad agus trí gach cainéal ábhartha cumarsáide a úsáideann BOOLUF. Is féidir aiseolas agus tuairimí faoin gCairt a sheoladh chuig customerservicecharter@loetb.ie